Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Iúil 2026
(OR. en)

11631/26

LIMITE

| | |
|---|---|
| COPS 426 | EUMC 288 |
| ANTICI 189 | INDEF 140 |
| POLMIL 297 | HYBRID 90 |
| COEST 550 | ESPACE 122 |
| COASI 142 | CLIMA 389 |
| CONUN 125 | ENV 920 |
| MAMA 185 | CT 89 |
| MOG 161 | COTER 105 |
| COTRA 61 | CIVCOM 183 |
| ELARG 151 | RELEX 974 |
| COWEB 100 | JAI 959 |
| COAFR 224 | COMPET 933 |
| COLAC 100 | CFSP/PESC 1112 |
| CONOP 45 | CSDP/PSDC 481 |

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2) |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Comhthuiscint — Na Bagairtí agus na Dúshláin atá Romhainn: Measúnú ar Thimpeallacht Straitéiseach an Aontais |

**Comhthuiscint – Na bagairtí agus na dúshláin atá romhainn: measúnú ar thimpeallacht straitéiseach an Aontais**

PUBLIC

**An domhan atá romhainn**

**Tá comhthéacs geostraitéiseach éiginnte os comhair an Aontais Eorpaigh** arb iad bagairtí marthanacha comhuaineacha san iliomad réimsí is cúis leis. Tá comhthuiscint ar na bagairtí sin, bunaithe ar chur chuige 360°, riachtanach chun a áirithiú go bhfuil an tAontas feistithe agus réidh le dul in oiriúint chun a shaoránaigh a chosaint go héifeachtach, a leasanna a chur chun cinn, a uathriail straitéiseach a neartú agus spleáchais a laghdú, agus seasamh leis na luachanna ar ar fothaíodh é: meas ar dhínit an duine, an tsaoirse, an daonlathas, an comhionannas, an smacht reachta agus meas ar chearta an duine.

**Tá athrú struchtúrach ó bhonn ag teacht ar ár dtimpeallacht straitéiseach** ina bhfuil cumhachtaí athbhreithnitheacha éagsúla agus gníomhaithe atá ag éirí níos teanntásaí ag cur go díreach i gcoinne chobhsaíocht agus rathúnas na hEorpa. Leis an bhfogha gan chúis a thug sí faoi chomharsa síochánta – an Úcráin – tá an Rúis tar éis scrios a dhéanamh ar an ollstruchtúr slándála a bhí ann san Eoraip ó tháinig deireadh leis an gCogadh Fuar. Is í an bhagairt is práinní agus is dírí ar shlándáil na hEorpa í, agus an tSín ina príomhchumasóir aici dá fogha faoin Úcráin agus don chomhar le gníomhaithe amhail an Bhealarúis, an Iaráin agus Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré (DPDC). Toradh chogadh na Rúise ar an Úcráin, beidh tionchar ollmhór aige sin ar ollstruchtúr slándála na hEorpa. Neamhspleáchas, ceannasacht agus iomláine chríochach na hÚcráine laistigh dá teorainneacha a aithnítear go hidirnáisiúnta, is iad sin bunchloch na síochána córa marthanaí. Tosaíocht straitéiseach do shlándáil na hEorpa is ea an Úcráin a bheith neamhspleách, slán, rathúil agus cobhsaí.

Is den ríthábhacht i gcónaí don Eoraip agus don chomhphobal idirnáisiúnta ina iomláine iad **an t-ord idirnáisiúnta riailbhunaithe** agus an córas iltaobhach, atá bunaithe ar an dlí idirnáisiúnta, ar Chairt na Náisiún Aontaithe agus ar a prionsabail, lena n-áirítear ceannasacht agus iomláine chríochach na Stát a urramú, staonadh ó fhorneart a bhagairt nó a úsáid, chomh maith le cearta uilíocha an duine a chaomhnú. Mar sin féin, tá brú ag teacht ar an méid sin go léir i rith an ama. Tá aistriú suntasach ann ó rialacha go dinimic chumhachtta, agus táthar ag tabhairt cúl go tapa leis an gcomhar idirnáisiúnta i ndáil le teicneolaíochtaí nua, an t-athrú aeráide agus trádáil. Cuireann bagairtí méadaithe muirí, cibearbhagairtí agus bagairtí hibrideacha go léir leis na dúshláin atá roimh shlándáil na hEorpa.

I gcroílár an chlaochlaithe sin tá **rún daingean roinnt cumhachtaí**, an Rúis agus an tSín go príomha ina measc, **ceannasacht réigiúnach a bhunú agus an t-ord domhanda a athmhúnlú** i gcomhréir lena leasanna, agus táthar ag filleadh ar loighic na réimsí tionchair dá dheasca sin. Is iarracht mharthanach chórasach í sin, agus infheistíochtaí fadtéarmacha i gcumais mhíleata, ardmhianta barr feabhais teicneolaíochta, agus úsáid na giarála eacnamaíche mar bhonn taca léi. Baineann na gníomhaithe sin leas as idirthuilleamaíochtaí doimhne atá neamhshiméadrach go minic chun naimhde a mheastar a bheith ann a chomhéigniú. Trí IS agus córais uathoibrithe a chomhtháthú i bpróisis chinnteoireachta mhíleata, eacnamaíocha agus pholaitiúla, cuirtear le luas, scála agus éifeachtacht na mbagairtí sin, agus tríd an úsáid mhéadaitheach a bhaintear as gníomhaíochtaí hibrideacha, féachtar le teacht i dtír ar ár leochaileachtaí, agus an t-idirdhealú idir an tsíocháin agus an cogadh á dhoiléiriú an tráth céanna.

Ag an am céanna, tá **na Stáit Aontaithe**, an comhpháirtí straitéiseach is tábhachtaí atá againn, **ag athchalabrú a dtosaíochtaí** agus a seasaimh ar bhonn uilechoiteann. Go háirithe, tá athbhreithniú á dhéanamh ar rannchuidiú seanbhunaithe na Stát Aontaithe le cosaint na hEorpa, agus táthar ag súil go nglacfaidh muintir na hEorpa freagracht níos mó as a slándáil féin. Ó thaobh an Aontais de, tá iarmhairtí móra i gceist leis sin i bhfianaise a lárnaí atá an nasc trasatlantach ó thaobh ár slándála, ár gcobhsaíochta agus ár rathúnais de thar na blianta. **Tá an caidreamh trasatlantach agus an comhar idir an tAontas agus ECAT ríthábhachtach i gcónaí dár tslándáil fhoriomlán.**

Sa chomharsanacht máguaird, tá ar an Aontas aghaidh a thabhairt ar láthair choinbhleachta ghníomhach eile **sa Mheánoirthear**, a bhfuil iarmhairtí láithreacha forleathana aici ar fud na réimsí slándála, eacnamaíocha agus daonnúla. Go háirithe, an cogadh a tharla le déanaí sa Mhurascaill agus an teannas leanúnach sa réigiún, lena n-áirítear teannas maidir le hIosrael–an Phalaistín agus an Liobáin, is meabhrú lom iad go bhfuil an géarú réigiúnach ina bhagairt ar shlándáil, athléimneacht eacnamaíoch agus leasanna straitéiseacha an Aontais i gcoitinne. Tá an éagobhsaíocht sa Mheánoirthear idirnasctha le dlúthchomhar diúltach na Rúise leis an Iaráin.

PUBLIC

**Mar gheall ar an timpeallacht gheopholaitiúil sin atá ag athrú de shíor, tá gá le gníomhaíocht láidir agus comhpháirtíochtaí níos doimhne chun ár leasanna a chosaint agus chun tosaíochtaí straitéiseacha an Aontais a chur chun cinn** – ullmhacht cosanta a fheabhsú agus cobhsaíocht dhomhanda a chothú, go háirithe ina chomharsanacht, a rathúnas agus a athléimneacht a dhaingniú, agus a bhunluachanna agus a shamhail pholaitiúil dhaonlathach a chosaint. Agus an méid sin á dhéanamh aige, tá an deis ag an Aontas ord idirnáisiúnta riailbhunaithe na todhchaí a mhúnlú agus feidhmiú mar ancaire do chomhpháirtithe domhanda ar mór acu ar an gcaoi chéanna noirm agus prionsabail uilíocha, an dlí idirnáisiúnta agus an t-iltaobhachas.

PUBLIC

Tá tionchar láidir polaitiúil agus eacnamaíoch chomh maith le hionstraimí láidre cosanta ag an Aontas chun an méid sin go léir a bhaint amach. Mar sin féin, ní mór dúinn níos mó a dhéanamh agus **cumhacht a dhéanamh de na láidreachtaí atá againn cheana**.

**Ár dtimpeallacht straitéiseach: iomaíocht straitéiseach ghéaraithe, conspóid agus ilroinnt**

Is í **an Rúis** an bhagairt slándála is láithrí, is suntasaí, is dírí agus is fadtéarmaí ar mhór-roinn na hEorpa. Féachann an Rúis le hord slándála na hEorpa agus an domhain a bhriseadh agus samhail rialachais a chur chun cinn atá bunaithe ar réimsí tionchair, trína bhfuil sé mar aidhm aici forlámhas ar a comharsana a ghabháil arís. In ainneoin gur theip ar an Rúis a cuspóirí míleata agus straitéiseacha a bhaint amach, leanann sí de neamhaird a thabhairt ar iarrachtaí taidhleoireachta chun deireadh a chur lena cogadh foghach agus síocháin chóir inbhuanaithe a bhaint amach ar an mór-roinn, agus í ag iarraidh a fórsaí agus a cumais mhíleata a athnuachan agus a híomhá idirnáisiúnta mar chumhacht dhomhanda a athbhunú. Is bagairt fhadtéarmach ar shlándáil na hEorpa é neartú míleata na Rúise ar theorainneacha na hEorpa, míleatú méadaitheach na sochaí agus an t-aistriú chuig geilleagar cogaidh, lena mbaineann uaillmhianta nithiúla i bpríomhréimsí straitéiseacha tionsclaíocha agus teicneolaíochta amhail an spás agus an réimse núicléach.

An tráth céanna, tá dlús curtha ag an Rúis lena feachtas hibrideach i gcoinne an Aontais agus a Bhallstát, lena n-áirítear cur isteach ar bhonneagar criticiúil, spiaireacht, cibirionsaithe, ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis, cur isteach ar shatailítí, ionstraimiú na himirce chomh maith le cur isteach ar thoghcháin agus sabaitéireacht fhisiciúil agus cineálacha eile cur isteach naimhdeach. Is é an aidhm atá aici an bonn a bhaint d'aontacht agus de dhaonlathas na hEorpa, eagla agus polarú a spreagadh i sochaithe agus, rud is ríthábhachtach, tuilleadh tacaíochta don Úcráin a dhíspreagadh. Tá réimse leathan uirlisí hibrideacha á n-úsáid ag an Rúis i gcomharsanacht na hEorpa i gcoitinne, ó na Balcáin Thiar tríd an Muir Dhubh agus trí Chugas Theas go dtí an Áise Láir, agus bíonn tionchar díreach acu sin ar phríomhleasanna polaitiúla agus slándála an Aontais. Chun a hacmhainn chogaidh a mhaoiniú, úsáideann an Rúis líonra soithí scáthchabhlaigh le haghaidh onnmhairí ola, sa tslí is go seachnaítear smachtbhannaí, agus rioscaí muirí, comhshaoil, dlíthiúla agus forfheidhmithe á gcruthú ag an am céanna.

Tá **an tSín** in ann iomaíocht shistéamach a bhuachan trí scála tionsclaíoch, uaillmhian theicneolaíoch, agus clúdach domhanda a chomhcheangal agus leas á bhaint as éagobhsaíocht ag an am céanna. Fágann buntáistí neamhshiméadracha na Síne le hais an Aontais, idir mhíchothromaíochtaí trádála, amhábhair chriticiúla agus dul chun cinn teicneolaíoch i réimsí áirithe, mar aon lena toilteanas an méid sin a ghiaráil i gcoinne an Aontais agus gníomhaithe eile chun a huaillmhian a bhaint amach, is é sin, a bheith ar an bpríomhchumhacht dhomhanda, fágann an méid sin gur dúshlán straitéiseach fadtéarmach criticiúil í an tSín. Is cumasóir ríthábhachtach do Mhoscó é tacaíocht na Síne d'fhogha na Rúise faoin Úcráin. Leanfaidh an tSín de bheith ag iarraidh a tionchar san Eoraip a mhéadú.

PUBLIC

Mar gheall ar na forbairtí sin, i gcomhar leis an timpeallacht bhagartha atá athraithe ó bhonn agus leis an gcomhar méadaithe i measc iomaitheoirí straitéiseacha, atá éirithe níos comhordaithe, a chomhroinneann cumais agus a fhoghlaimíonn ó choinbhleachtaí leanúnacha atá ag éirí níos líonmhaire, is gá don Aontas agus a Bhallstáit a n-ullmhacht cosanta, a slándáil agus a gcumais díspreagtha féin a neartú ar bhonn práinne. Ach Aontas níos láidre agus níos cumasaí a bheith ann i réimse na slándála agus na cosanta, cuirfear leis an tslándáil dhomhanda agus thrasatlantach agus déanfar comhlánú ar ECAT, arb é bunchloch na cosanta comhchoitinne i gcónaí é do na Stáit atá ina gcomhaltaí de.

Tá comhar feabhsaithe le comhpháirtithe atá ar aon intinn leis agus le comhpháirtithe eile ó thaobh na slándála agus na cosanta de ag éirí níos tábhachtaí don Aontas chun dul i ngleic leis an timpeallacht straitéiseach nua sin.

PUBLIC

Sa chomhthéacs sin, cruthaíonn éabhlóid na croídinimice geopholaitiúla saincheisteanna straitéiseacha bunúsacha nua don Aontas. Beidh tionchar níos mó ag uaillmhianta agus teanntás **méadaitheach** na Síne, mar aon leis an **iomaíocht straitéiseach** atá ag múnlú an chaidrimh idir na Stáit Aontaithe agus an tSín faoi láthair, ar shlándáil, iomaíochas, agus slándáil agus athléimneacht eacnamaíoch an Aontais. De thoradh na **comhpháirtíochta straitéisí idir an tSín agus an Rúis atá ag doimhniú**, lena n-áirítear i dtéarmaí an chomhair mhíleata, leanfar freisin d'idirnasc na láithreacha straitéiseacha idir an Eoraip agus an réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach a mhéadú, agus de bhagairtí slándála a nascadh agus a mhéadú. Ag an am céanna, tá an **córas iltaobhach faoi bhrú nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo** de réir mar thugann mórchumhachtaí ar fud an domhain tús áite don iomaíocht agus don chomhéigean seachas don chomhar agus de réir mar a laghdaíonn siad a ngealltanais agus a rannchuidiú le hinstitiúidí agus rialacha iltaobhacha. Na sáruithe follasacha ar an dlí idirnáisiúnta, an neamhaird ar bhunphrionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe agus na conspóidí tromchúiseacha maidir le noirm uilíocha, is bagairt bhunúsach iad ar an ord domhanda atáthar a thógáil le hochtó bliain anuas. Áirítear leis an méid sin aghaidh a thabhairt ar dhúshláin phráinneacha dhomhanda ar nós an athraithe aeráide, úsáid na hintleachta saorga a rialáil, agus sáruithe mórscála ar an dlí idirnáisiúnta a chosc, lena n-áirítear an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta. Chuir ciorruithe maoinithe ar iarrachtaí daonnúla agus comhair ar fud an domhain tíortha iomlána agus na milliúin daoine i mbaol.

PUBLIC

**I bhfianaise an mhéid sin, tá an tAontas i dtimpeallacht géarchéime iltoiseach fhadtéarmach**, inarb é an príomhdhúshlán anois suaití carnacha agus idirghníomhacha a bhainistiú ar fud réimsí agus réigiúin éagsúla, seachas bagairtí aonair a bhainistiú. Ó thaobh an chaidrimh idirnáisiúnta de, tá méadú ag teacht ar an iomaíocht straitéiseach, pholaitiúil agus eacnamaíoch, ar an achrann agus, i ndeireadh na dála, ar an gcoinbhleacht. **Tá dúshláin gheo-eacnamaíocha roimh shlándáil an Aontais anois freisin**, lena n-áirítear úsáid a bheith á bhaint as slabhraí trádála agus soláthair, chomh maith le rochtain ar fhuinneamh agus acmhainní eile, mar uirlis troda. De dheasca spleáchais straitéiseacha a bhíonn neamhshiméadrach go minic, chomh maith le scrogaill soláthair agus loingseoireachta, ceanglaítear ar an Aontas an t-iomaíochas eacnamaíoch agus teicneolaíoch a mheas mar phríomhspreagthaí dár slándáil freisin. Ar an tslí chéanna a ndearnadh bagairtí inmheánacha agus seachtracha a chumasc, tá forluí idir bagairtí geopholaitiúla agus geo-eacnamaíocha, rud a éilíonn cur chuige comhtháite. Dá bhrí sin, is gá leochaileachtaí a laghdú i ngach earnáil straitéiseach chriticiúil ar mhaithe le hathléimneacht ár sochaithe, chun ár luachanna agus ár leasanna a chosaint.

Léirigh an **Úcráin** an-athléimneacht ar leith i bhfianaise fhogha na Rúise, d'éirigh léi cúrsaí ar an láthair chatha a athrú chun a leasa féin agus chruthaigh sí gur soláthraí slándála í lasmuigh dá teorainneacha, lena mbaineann acmhainneacht neamhshaothraithe sa tionscal cosanta. Tá aontacht agus diongbháilteacht aimsithe ag an Aontas agus é ag tacú leis an Úcráin agus tá brú breise curtha aige ar an Rúis.



PUBLIC

De thoradh chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus na ndúshlán gheopholaitiúil atá ag dul i méid, treisíodh agus rinneadh níos follasaí fós ar an **tábhacht gheostraitéiseach a bhaineann leis an méadú** mar rannchuidiú mór le síocháin, slándáil, cobhsaíocht agus rathúnas na hEorpa, agus tá tuiscint níos forleithne ann gur rannchuiditheoirí slándála iad na tíortha is iarrthóirí aontachais freisin. Trí thíortha is iarrthóirí a thabhairt níos gaire don Aontas trí phróiseas aontachais atá bunaithe ar fhiúntas agus ar athchóirithe inchreidte, laghdaítear a spleáchais pholaitiúla agus eacnamaíocha agus rannchuidítear lena chuspóirí comhroinnte.

Ar nós na Moldóive agus na hÚcráine, is cuid lárnach de thodhchaí an Aontais Eorpaigh iad na **Balcáin Thiar**, agus tá peirspictíocht acu maidir le ballraíocht san Aontas. Is príomhghnéithe den chomhpháirtíocht idir an tAontas agus na Balcáin Thiar i gcónaí iad ailíniú na mbeartas eachtrach a neartú, comhar slándála agus cosanta a dhoimhniú agus athléimneacht a chothú i leith dúshláin chomhroinnte, ar nós bagairtí hibrideacha, agus cineálacha eile bagairtí a thagann ón réigiún agus a dhéanann difear don Aontas faoi thionchar gníomhaithe réigiúnacha agus seachtracha, chomh maith le comhar réigiúnach cuimsitheach, athmhuintearas agus dea-chaidreamh comharsanachta.

I **gcomharsanacht an Oirthir**, déanann an Rúis gníomhaíochtaí hibrideacha i gcoinne roinnt príomh-chomhpháirtithe, lena n-áirítear Poblacht na Moldóive agus an Airméin. Socraíonn an Rúis conair fhorlámhach na Bealarúise mar chaighdeán do thíortha eile atá ag géilleadh do thionchar na Rúise. Is dúshlán tromchúiseach slándála don Aontas i gcónaí iad an chos ar bolg intíre atá á déanamh ag an **mBealarúis**, an tacaíocht mhíleata ghníomhach atá á tabhairt ag an mBealarúis d'fhogha na Rúise faoin Úcráin, go háirithe cead a thabhairt don Rúis agus dá fórsaí armtha a críoch a úsáid, lena n-áirítear chun airm núicléacha oirbheartaíochta a imscaradh, agus na hoibríochtaí hibrideacha arna ndéanamh ag teorainneacha seachtracha an Aontais, lena n-áirítear gníomhaíochtaí eacnamaíocha agus gníomhaíochtaí díchobhsaitheacha eile i gcoinne an Aontais agus a Bhallstáit.



PUBLIC

Tá tábhacht straitéiseach don Aontas ag baint leis an gcobhsaíocht agus leis an tslándáil i mór-**réigiún na Mara Duibhe**. Tá tionchar tromchúiseach ag fogha na Rúise faoin Úcráin ar an réigiún, mar is léir ó theagmhais drón a tharlaíonn arís agus arís eile ar chríoch Bhallstáit an Aontais, a bhfuil impleachtaí forleathana acu ó thaobh na slándála, na hathléimneachta, na saoirse loingseoireachta, na forbartha eacnamaíche, an bhonneagair chriticiúil agus na nascachta de.

Tá tábhacht straitéiseach ag baint leis an **Meánmhuir Thoir** fós do shlándáil agus do chobhsaíocht an Aontais, agus tá deiseanna suntasacha, chomh maith le dúshláin thábhachtacha, ag baint léi. Agus a leasanna féin agus leasanna a Bhallstát á gcosaint aige, ba cheart don Aontas comhpháirtithe sa réigiún a dhreasú chun páirt a ghlacadh i gcreataí agus i gcomhpháirtíochtaí comhoibríocha, i gcomhréir iomlán leis an dlí idirnáisiúnta agus le *acquis* an Aontais. Tá sé fós chun leas straitéiseach an Aontais caidreamh comhthairbheach a fhorbairt leis an **Tuirc** ar bhealach céimnithe, comhréireach agus in-aisiompaithe, i gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle Eorpach i mí Aibreáin 2024. Beidh rannpháirtíocht chuiditheach na Tuirce féin ríthábhachtach chun réimsí éagsúla comhair a chur chun cinn. I ndáil leis an méid sin, chun an comhar idir an tAontas agus an Tuirc a fheabhsú a thuilleadh, tá sé an-tábhachtach don Aontas go n-atosófaí na cainteanna maidir le réiteach a bhaint amach sa Chipir agus go ndéanfaí dul chun cinn sna cainteanna sin. Leanann an tAontas de bheith ag súil go dtabharfaidh an Tuirc gealltanas neamhbhalbh maidir le dea-chaidreamh comharsanachta, lena n-áirítear aon bhagairt úsáide fórsa a thréigean.

Tá leas díreach agus ríthábhachtach ag an Aontas i gcobhsaíocht, slándáil agus fás eacnamaíoch **imchuach na Meánmhara agus Chomharsanacht an Deiscirt i gcoitinne.** Is tosaíocht straitéiseach de chuid an Aontais é an chomhpháirtíocht Eora-Mheánmhara a neartú, d’fhonn naisc eacnamaíocha, caidreamh polaitiúil agus comhar slándála le comhpháirtithe na Meánmhara Theas a threisiú, ionas go gcruthófaí deiseanna comhpháirteacha agus go dtabharfaí aghaidh ar dhúshláin chomhroinnte.

I **gcomharsanacht an deiscirt**, is dúshlán díreach do leasanna straitéiseacha an Aontais í an staid sa Mheánoirthear atá ag dul in olcas go tapa. Tá iarmhairtí ollmhóra sibhialtacha agus daonnúla na gcoinbhleachtaí, chomh maith le mímhuinín agus teannas géar sa réigiún, ina riosca suntasach agus cuirfidh siad brú ollmhór ar acmhainneachtaí bainistithe daonnúla, airgeadais agus imirce an Aontais mura rachfar i ngleic leo.

Cé go bhfuil comharsanacht **an deiscirt** faoi bhagairt ag éagobhsaíocht shuntasach, bíodh sin sa Libia, in Éimin nó san Iaráic, is iad an staid in Iosrael agus sa Phalaistín, an chobhsaíocht sa **tSiria agus sa Liobáin**, agus déileáil le hiarmhairtí an chogaidh leis an Iaráin na dúshláin is práinní atá roimh an Aontas faoi láthair. Is den ríthábhacht é go mbeadh cobhsaíocht réigiúnach ann agus go ndéanfaí an tsaoirse loingseoireachta agus idirthurais shábháilte trí Chaolas Hormuz a athbhunú go hiomlán, agus go dtiocfaí ar réiteach fadtéarmach ar na saincheisteanna ar fad atá fós gan réiteach tríd an gcaibidlíocht, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta. Is é leas straitéiseach an Aontais i gcónaí é tacú leis an Réiteach Dhá Stát, agus réiteach a fháil ar an gcoinbhleacht idir Iosrael agus an Phalaistín, ar réiteach é a bheidh ina dheis slándála agus síochána do chách. Tá **an Mhurascaill** fós ina réigiún comharsanachta an-tábhachtach don Aontas. Tá a cobhsaíocht ríthábhachtach don tslándáil réigiúnach, don éagsúlú eacnamaíoch agus do shlándáil an tsoláthair. Léiríonn na forbairtí reatha an tábhacht straitéiseach a bhaineann le Caolas Hormuz agus Caolas Bab-el-Mandeb mar phríomhbhealaí muirí ríthábhachtacha don Eoraip. Cuireann suaití ar na huiscebhealaí sin an tslándáil agus an chobhsaíocht réigiúnach i mbaol, baineann siad an bonn den tsaoirse loingseoireachta agus den urraim don dlí idirnáisiúnta, cuireann siad slándáil bia agus slabhraí soláthair i mbaol, agus cuireann siad bac ar shaorshreabhadh trádála, ar an nascacht, ar an éagsúlú fuinnimh agus ar an athléimneacht eacnamaíoch. Ag an am céanna, maidir leis an **Iaráin**, i bhfianaise a clár núicléach agus diúracán balaistíoch, a comhair mhíleata leis an Rúis, a gníomhaíochtaí díchobhsaitheacha sa réigiún agus san Eoraip, agus na coise ar bolg atá á déanamh aici ar a muintir féin, is bagairt í i gcónaí ar an ord slándála réigiúnach agus idirnáisiúnta.

PUBLIC

Tá tírdhreach slándála an Aontais á mhúnlú níos mó agus níos mó ag forbairtí sa **réigiún Artach** agus timpeall air, lena n-áirítear i ndáil le méadú míleata, bagairtí hibrideacha, dúshláin chomhshaoil agus aeráide agus an gá atá le hathléimneacht shochaíoch. Mar gheall ar theannas geopholaitiúil agus iomaíocht gheo-eacnamaíoch san Artach, ní mór don Aontas, in éineacht lenár gcomhpháirtithe, gníomh freagartha a dhéanamh.

Is mór-roinn í an **Afraic** a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint léi don Aontas, agus tá acmhainneacht shuntasach aici i bhfianaise a daonra óig atá ag dul i méid, a geilleagar dinimiciúil agus a hacmhainní nádúrtha éagsúla. Mar sin féin, is bac ar fhorbairt na hacmhainneachta sin iad an éagobhsaíocht, leochaileachtaí eacnamaíocha, coinbhleachtaí, sceimhlitheoireacht agus antoisceachas foréigneach, agus/nó coireacht eagraithe. An tráth céanna, tá an iomaíocht i measc meánchumhachtaí agus mórchumhachtaí ar mhaithe le tionchar a fháil san Afraic ag dul i ndéine – rud a spreagann straitéisí ionsaitheacha tionchair, bíodh sin sa réimse míleata nó i réimsí na heacnamaíochta, na baincéireachta, na meán agus na cibearshlándála – agus tá tosaíocht níos mó agus níos mó ag an iomaíocht sin ar iarrachtaí comhordaithe fadtéarmacha cobhsaíochta agus forbartha. Cruthaíonn déimeagrafaíocht, coinbhleachtaí fada, agus easpa struchtúir láidre stáit agus bonneagar sóisialta dálaí atá fabhrach do theacht chun cinn géarchéimeanna, bíodh sin sa tSúdáin, sa tSaiheil nó i dtreo Mhurascaill na Guine. Scaipeann na limistéir achrainn sin go réigiúnach, agus iad ag cur isteach ar phobail, ag feidhmiú mar thearmainn do líonraí sceimhlitheoireachta agus coiriúla, agus ag cur deiseanna ar fáil do thionchar eachtrach naimhdeach, tionchar na Rúise, mar shampla. Tá an **tSaiheil** ríthábhachtach i gcónaí do shlándáil na hEorpa mar gheall ar bhagairtí idirnasctha a bhaineann dár leasanna – mar shampla an sceimhlitheoireacht agus a hiarmhairtí i dtíortha comharsanacha, líonraí coireachta eagraithe a rialaíonn bealaí gáinneála drugaí agus daoine chun na hEorpa chomh maith le comhar feabhsaithe idir an Rúis agus údaráis thíortha na Saiheile Láir – agus is tosca géaraitheacha i ndáil leis sin iad leochaileacht stát, folús slándála agus láithreacht mhéadaithe iomaitheoirí straitéiseacha. Is sa **tSúdáin** fós atá an ghéarchéim easáitithe inmheánaigh agus ocrais is mó ar domhan, agus iarmhairtí criticiúla aici ar an leibhéal réigiúnach agus níos faide i gcéin, lena n-áirítear an tAontas. Trí theacht i dtír ar leochaileachtaí agus ar éagobhsaíocht, déantar stáit leochaileacha agus a ngeilleagair a dhíchobhsú a thuilleadh, agus cosaint do shibhialtaigh agus do chearta an duine á creimeadh ag an am céanna. Is dúshlán comhroinnte í an imirce neamhrialta nach mór don Aontas agus don Afraic dul i ngleic léi, agus is chun leas an dá thaobh é a chinntiú go dtarlaíonn sí ar bhealach sábháilte, ordúil agus rialta.

PUBLIC

Tá slándáil an réigiúin **Ind-Chiúin-Aigéanaigh** agus na hEorpa níos idirnasctha anois ná riamh. D’fhéadfadh iompraíocht níos teanntásaí na Síne i Muir na Síne Theas agus i Muir na Síne Thoir agus ar fud Chaolas na Téaváine tionchar méadaitheach a imirt ar shlándáil, ar chobhsaíocht agus ar rathúnas na hEorpa agus an réigiúin Ind-Chiúin-Aigéanaigh. Dá n-athrófaí an status quo timpeall Chaolas na Téaváine, bheadh tionchar mór aige sin ar an tslándáil dhomhanda. Maidir le háiteanna eile san **Áise**, is cúis mhór imní í an Afganastáin i gcónaí don réigiún agus don Aontas Eorpach ó thaobh na slándála de, a mhéid a bhaineann leis an sceimhlitheoireacht nó le scaipeadh an antoisceachais fhoréignigh, smuigleáil drugaí agus na dúshláin mhéadaitheacha maidir le himirce neamhrialta. Leanann gníomhaithe áirithe, Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré (DPDC), mar shampla, den tsíocháin agus den tslándáil réigiúnach agus idirnáisiúnta a chur i mbaol, ní hamháin trí airm ollscriosta agus trína gcláir núicléacha agus diúracán balaistíoch, ach freisin trí úsáid níos mó a bhaint as oibríochtaí faisnéise, cibirionsaithe agus feachtais bhréagaisnéise. Tá coinbhleachtaí atá ar siúl le fada fós ag cur bac ar shocruithe cuimsitheacha uile-réigiúnacha slándála.

Ar deireadh, tá naisc stairiúla chultúrtha againn le **Meiriceá Laidineach agus an Mhuir Chairib**, chomh maith le tiomantas daingean don iltaobhachas, atá bunaithe ar bhunphrionsabail agus ar bhunluachanna comhchoiteanna. Mar sin féin, d’fhéadfadh míchothromaíochtaí socheacnamaíocha i roinnt tíortha i Meiriceá Laidineach agus, i gcásanna áirithe, cobhsaíocht pholaitiúil atá i mbaol a bheith ina gcúis le leochaileacht agus suaitheadh. I Meiriceá Láir, is dócha go leanfaidh deighiltí réigiúnacha agus brúnna móra imirce de bheith ann, rud a spreagfaidh tuilleadh dúshláin thrasnáisiúnta a bhaineann leis an gcoireacht eagraithe.

PUBLIC

Léiríonn na géarchéimeanna sin an chaoi a mbíonn **éifeachtaí sistéamacha domhanda ag coinbhleachtaí réigiúnacha.** Tá dinimic chascáideach ar cheann de shaintréithe na timpeallachta. Cuireann coinbhleacht isteach ar shreafaí fuinnimh; spreagann turraingí fuinnimh boilsciú agus éagobhsaíocht eacnamaíoch; cothaíonn strus eacnamaíoch teannas sóisialta agus ilroinnt pholaitiúil. Cé go bhfreagraíonn an tAontas, mar ghníomhaí prionsabálta a chuireann an t-iltaobhachas agus an taidhleoireacht choisctheach chun cinn, na dúshláin sin trí chomhpháirtíochtaí a thógáil a chuidíonn lenár slándáil a áirithiú, tá méadú ag teacht ar an nglacadh atá ag gníomhaithe meánleibhéil ar fud an domhain le cineálacha cur chuige fálaithe, arna spreagadh ag ábhair imní maidir le fuinneamh, slándáil bia agus ceannasacht, ar lú an seans go n-ailíneofar iad lenár ndearcthaí.

PUBLIC

**Bagairtí agus dúshláin thrasnáisiúnta atá ag teacht chun cinn**

Tá meascán bagairtí roimh an Aontas ina thimpeallacht straitéiseach i gcoitinne, lena n-áirítear fogha armtha, ionghabháil neamhdhleathach, stáit leochaileacha, cumhachtaí athbhreithnitheacha agus réimis fhorlámhacha. Is timpeallachtaí iad sin ina gcothaítear **bagairtí trasnáisiúnta ar shlándáil an Aontais** ón méid a leanas: an sceimhlitheoireacht, an t-antoisceachas foréigneach, an choireacht eagraithe, coimhlintí hibrideacha agus cibirionsaithe, ionstraimiú na himirce neamhrialta, leathadh arm agus lagú forchéimnitheach an ollstruchtúir rialaithe arm. Is féidir le héagobhsaíocht airgeadais agus mórdhifríochtaí sóisialta agus eacnamaíocha na dinimicí sin a spreagadh agus is féidir tionchar méadaitheach a bheith acu ar ár slándáil. Tá iomaíocht le haghaidh tionchair ag cur go mór leis an neamhshláine, leis an éagobhsaíocht agus leis an luaineacht eacnamaíoch inár gcomharsanacht.

Ní mór aghaidh a thabhairt ar dhúshlán **na himirce neamhrialta**, lena n-áirítear dul i ngleic leis na bunchúiseanna atá léi, agus é mar chuspóir líonraí smuigleála coiriúla agus an t-ionstraimiú arna dhéanamh ag gníomhaithe bagartha a chomhrac. Ní mór é sin a dhéanamh freisin trí chomhpháirtíochtaí láidre le tríú tíortha maidir le himeachtaí neamhrialta a chosc, ach freisin trí dheiseanna na himirce dleathaí a ghiaráil ar bhealach sábháilte ordúil, i gcomhréir le hinniúlachtaí náisiúnta na mBallstát.

Tá líonraí **coireachta eagraithe** a oibríonn go trasnáisiúnta fós ina mbagairt mhór ar shaoránaigh, ar ghnólachtaí agus ar institiúidí Eorpacha, agus ar gheilleagar na hEorpa. Tá tionchar díchobhsaitheach na coireachta sin ag dul i méid de réir a chéile freisin, agus dlús á chur leis ag an intleacht shaorga (IS) agus ag teicneolaíochtaí nua eile, agus tá sí ag éirí níos idirnasctha, agus grúpaí coiriúla ag feidhmiú ar fud na réigiún agus na n-ilchríoch. Is bagairt choiteann don Aontas, do na Balcáin Thiar, do Mheiriceá Laidineach agus do Mhuir Chairib agus don Afraic Thiar, níos mó agus níos mó, iad gáinneáil ar dhrugaí, airm thine, sciúradh airgid, cibearchoireacht agus smuigleáil imirceach. Leanfaidh **an rás le haghaidh ceannasacht theicneolaíoch**, go háirithe san intleacht shaorga, den timpeallacht straitéiseach a mhúnlú, mar phríomhréimse iomaíochta agus mar chumasóir criticiúil. Beidh gníomhaithe a bhaineann ceannaireacht amach san intleacht shaorga in ann cinnteoireacht, córais mhíleata, ionramháil faisnéise agus cumhacht eacnamaíoch a chomhtháthú ar bhealaí a ghineann buntáistí struchtúracha. Méadaíonn an dinimic sin an dóchúlacht go mbeidh dáileadh cumhachta níos comhchruinnithe ann ar fud an domhain.

PUBLIC

Gníomhaithe stáit agus gníomhaithe eile a úsáideann oirbhearta **hibrideacha**, cibirionsaithe, dróin agus ionraí aeir eile, feachtais bhréagaisnéise, cur isteach ar ár dtoghcháin agus ar ár bpróisis pholaitiúla, comhéigean eacnamaíoch agus ionstraimiú sreafaí imirce neamhrialta chomh maith le spiaireacht, lena n-áirítear i measc comhpháirtithe, rannchuidigh siad le tairseach na coinbhleachta a ísliú, rud atá ina mbagairt dhíreach íogair ar ár slándáil agus ar ár sláine dhaonlathach agus, ag an am céanna, a fhágann gur féidir fadhbanna maidir le séanadh agus freagracht a bheith ann.

Tá ionsaithe Ionramhála agus Cur Isteach Eachtrach ar Fhaisnéis (**ICIEF**) ag dul i ndéine ó thaobh minicíochta agus sofaisticiúlachta de araon. I gcás na Rúis agus gníomhaithe eile nach í, tá ICIEF ina chuid de bhosca uirlisí cogaíochta polaitiúla níos leithne. Sainaithníonn siad bearnaí agus leochaileachtaí inár sochaithe oscailte agus cuireann siad le deighiltí, rud a chruthaíonn éagobhsaíocht, agus pairilis chinnteoireachta mar sprioc acu. Is minic a chomhcheanglaíonn gníomhaithe bagartha ICIEF le gníomhaíochtaí hibrideacha eile agus oibríonn siad trí fheachtais chomhordaithe fhadtéarmacha. Ní hamháin go bhfuil na bagairtí sin ag baint an bhoinn ó phróisis dhaonlathacha agus ó mhuinín an phobail ach tá dúshláin shuntasacha ag baint leo freisin dár slándáil agus dár sláine faisnéise.

De réir mar a mhéadaigh láithreacha catha agus limistéir chogaidh inár gcomharsanacht, ón Úcráin go dtí an Iaráin, tá forbairt as cuimse tagtha ar earnálacha na teicneolaíochta agus na tionsclaíochta cogaíochta, rud a léiríonn **bearnaí agus leochaileachtaí nua i gcumais chriticiúla** do mhuintir na hEorpa, lena n-áirítear armlón, aerchosaint agus ladrainn.

PUBLIC

Is dócha go dtiocfaidh méadú ar **iomadú na n-arm ollscriosta** agus ar mhodhanna a seachadta de réir mar a leathnóidh mórchumhachtaí núicléacha a n-armlanna, de réir mar a leanfaidh siad de chórais nua arm a fhorbairt agus a thástáil agus de chúl a thabhairt le sásraí rialaithe arm atá ann cheana. Is ábhar imní atá ag dul i méid i gcónaí é clár núicléach agus balaistíoch DPDC. Tá clár núicléach na hIaráine fós gan maoirseacht idirnáisiúnta agus is foinse leanúnach éagobhsaíochta agus coinbhleachta é sa réigiún. Tá a n-armlann núicléach á leathnú ag an Rúis agus ag an tSín araon agus tá armchórais nua á bhforbairt acu. Bhain ceannaireacht na Rúise úsáid as bagairtí núicléacha i gcomhthéacs an ionraidh ar an Úcráin. Tá rochtain ag cumhachtaí réigiúnacha ar ghnáth-airm shofaisticiúla, idir chórais frithrochtana agus diúltaithe limistéir agus diúracáin bhalaistíocha agus chúrsála. Tá na treochtaí sin níos measa fós mar gheall ar chreimeadh na struchtúr rialaithe arm san Eoraip, bíodh an Conradh ar Ghnáthfhórsaí Armtha san Eoraip, an Conradh um Fhórsaí Núicléacha le Meánraon nó an Conradh um Aerspás Oscailte i gceist. Tá tionchar díreach ag an bhfolús normatach sin ar shlándáil san Aontais. Is freagracht dhomhanda chomhroinnte é cosaint a thabhairt don toirmeasc domhanda ar airm cheimiceacha.

Ag an am céanna, tá rochtain shaor shábháilte ar **réimsí straitéiseacha domhanda** ag éirí níos conspóidí i gcónaí. Is réimse iomaíochta straitéisí é an cibearspás anois, tráth a bhítear ag brath níos mó ar theicneolaíochtaí digiteacha. Is minice a bhíonn cibirionsaithe níos sofaisticiúla ag bagairt orainn anois. Is den ríthábhacht é go gcoinneofar cibearspás oscailte, saor, cobhsaí agus slán ar bun.

PUBLIC

Tá impleachtaí láidre slándála agus cosanta ag réimse an **spáis.** Tá sé ríthábhachtach le haghaidh cumais bhreathnóireachta, faireacháin, loingseoireachta agus chumarsáide, ach is réimse plódaithe conspóideach é, ina bhfuil iompraíochtaí iomaitheoirí straitéiseacha ag éirí níos mífhreagraí agus bagairtí rialta á ndéanamh ar bhonneagar spáis fithiseach agus talamhbhunaithe, agus ag an am céanna tá a láithreacht á méadú go mór ag mórghníomhaithe agus ag gníomhaithe eile atá ag teacht chun cinn agus iad ag ullmhú do chomhrac cogaidh sa spás.

Tá **an tslándáil mhuirí** ar fud an domhain ríthábhachtach do shlándáil an Aontais, dá fhorbairt eacnamaíoch, dá shaorthrádáil, dá iompar agus dá shlándáil fuinnimh. Tá gealltanas tugtha ag an Aontas an dlíchóras a bunaíodh le UNCLOS a urramú, agus aitheantas á thabhairt aige dá lárnaí atá sé, agus tá sé ag súil go gcloífidh na Stáit uile le bunphrionsabail agus le rialacha bunúsacha dhlí na farraige. Tá ar an Aontas aghaidh a thabhairt ar thimpeallacht bagartha muirí atá ag géarú go tapa, idir bhagairtí traidisiúnta, cuir i gcás píoráideacht, gáinneáil agus robáil armtha ar muir, agus chomhéigean faoi stiúir stáit agus ionsaithe hibrideacha ar bhonneagar criticiúil, lena n-áirítear in uiscí na hEorpa. Na teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, cuir i gcás an intleacht shaorga a chuirtear i bhfeidhm i soithí faoi uisce gan chriú, cé go gcuirtear go leor deiseanna ar fáil leo, cruthaíonn siad leochaileachtaí ar leith sa réimse muirí freisin, ar gá aghaidh a thabhairt orthu. Tá criosanna muirí, lánaí criticiúla cumarsáide farraige agus roinnt scrogaill mhuirí, chomh maith le grinneall na farraige, ag éirí níos conspóidí ar fud an domhain. Tá slándáil an Aontais san **aer** á conspóid chomh maith mar gheall ar sheasaimh aeir atá ag éirí níos ionsaithí i bhfianaise an mhéadaithe atá tagtha ar úsáid oirbheart frithrochtana agus diúltaithe limistéir.

PUBLIC

Beidh tionchar tromchúiseach ag **an athrú aeráide, ag an díghrádú comhshaoil agus ag tubaistí nádúrtha** ar ár dtírdhreach slándála sna blianta atá amach romhainn freisin agus tá sé cruthaithe go spreagann siad siúd éagobhsaíocht agus coinbhleacht ar fud na cruinne agus gur bagairtí iad dá bhrí sin ar an tsíocháin agus ar an tslándáil idirnáisiúnta. Is léir an méid sin san iomaíocht le haghaidh acmhainní nádúrtha amhail talamh feirmeoireachta agus uisce agus sa saothrú atá dhéanamh ar acmhainní fuinnimh chun críoch polaitiúil. Baineann dúshláin shonracha slándála lenár ngeilleagair a dhícharbónú, a dhéanamh níos tíosaí ar acmhainní agus níos ciorclaí, lena n-áirítear rochtain ar amhábhair chriticiúla, bainistiú an luachshlabhra agus an inbhuanaitheacht, chomh maith leis na hathruithe eacnamaíocha agus polaitiúla a bhaineann leis an aistriú ó bhreoslaí iontaise.
D'fhéadfadh **géarchéimeanna domhanda sláinte** brú mór a chur ar shochaithe agus ar gheilleagair agus bíonn impleachtaí forleathana geopholaitiúla ag baint leo.

Maidir leis na dúshláin thrasnáisiúnta sin trí chéile, is dúshlán trasearnálach córasach ríphráinneach dúinne agus dár gcomhpháirtithe **é an creimeadh méadaitheach ar an urraim don dlí idirnáisiúnta agus na bagairtí méadaitheacha ar institiúidí domhanda agus iltaobhacha an chomhair idirnáisiúnta,** ar chuidigh muid lena múnlú agus lena bhforbairt le blianta anuas, toisc go mbaineann sé an bonn den chumas coiteann domhanda na dúshláin sin a réiteach – agus leas a bhaint as na deiseanna a ghabhann leo – ar dúshláin iad nach féidir aghaidh a thabhairt orthu ar aon bhealach eile nó ar aon bhealach is éifeachtaí ná ar bhonn comhchoiteann.

PUBLIC